Cllr. Michael Cahill (FF)

Cllr. Michael Connor-Scarteen (FG)

Cllr. Michael Healy-Rae (IND)

Cllr. John P. O'Connor (FG)


Cllr. Paul O'Donoghue (FF)

Comhairle Baile Thrá Lí

Cllr. John Commane, (IND)

Cllr. Ted Fitzgerald, (FF)

Cllr. Cathal Foley, (SF)

Cllr. Norma Foley, (FF)

Cllr. Tommy Foley, (IND)

Cllr. Maisie Houlihan, (SF)

Cllr. Pat Hussey, (FG)

Cllr. Miriam McGillycuddy, (LAB)

Cllr. Kieran Moriarty, (FF)

Cllr. Terry O'Brien, (LAB)

Cllr. Karen Tobin, (LAB)

Cllr. Johnnie Wall, (FF)

Comhairle Baile Chill Airne

Cllr. Sheila Casey (FG)


Cllr. Michael Courtney (IND)

Cllr. Tom Doherty (FF)

Cllr. Michael Gleeson (Sth. Kerry Ind. Alliance)

Cllr. Donal Grady (IND)

Cllr. Niall Botty O'Callaghan (IND)

Cllr. Patrick O'Donoghue (FF)

Cllr. Sean O'Grady (LAB)

Cllr. Brian O'Leary (FF)

Comhairle Baile Lios Tuathail

Cllr. Jacqueline Barrett (FG)

Cllr. Anthony Curtin (SF)

Cllr. Maria Gorman (FF)

Cllr. Pat Loughnane (FF)

Cllr. Tom Walsh (FF)

Cllr. Tim O'Leary (FG)

Cllr. Ned O'Sullivan (FF)

Cllr. Denis Stack (FG)

Cllr. David Toomey (LAB)

Próifíl den Chontae

Tá Ciarraí ar a dtugtar 'An Ríocht' suite in oir-dheisceart na hÉireann, timpeallaithe sa deisceart agus san iarthar ag an Aigéan Atlantach. Tá sé ar an gcúigiú contae is mó in Éirinn le 4701 km c de leithead thíreolaíoch. Tá daonra de 132,527 ag an gcontae. Tá cuid den radharcra is fearr in Éirinn sa Chontae, a mhealann 2m cuairteoir gach bliain. Tá tionchar ar sholáthar seirbhíse ag cruth nadúrtha, cósta agus leithinise, mar aon leis an líon mór turasóirí a thagann chun an chontae. Tá Comhairle Contae Chiarraí tiomanta caighdeán ard seirbhíse agus an infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar, chun bualadh leis na héilimh seo. Tá 1,307 fostaithe ag Comhairle Contae Chiarraí, le seacht nOifig Ceantair, naoi mBrainse Leabharlainne agus deich stáisiún dóiteáin, suite go straitéiseach ar fud an Chontae. Chun an tseirbhís seo a sholáthar tá buiséad de €111m ag an gComhairle do 2005.

Comhairle Baile Thrá Lí

Tá Trá Lí suite ar Abhainn na Laoi agus is é baile an chontae i gCiarraí é. Is é an príomh ionad gnó, tionsclaíoch, siopadóireachta agus seirbhísí don gcontae é. Tá daonra de tuairim is 25,000 ag Trá Lí agus a cheantar máguaird. Tá mórán athraithe ag tarlú sa cheantar agus tagann an dul chun cinn agus forbairt ón mbunchloch láidir tionsclaíoch, gnó agus oideachais. Tá Siamsa Tíre, Amharclann Tíre Náisiúnta na hÉireann lonnaithe i dTrá Lí, agus tá raon leathan áiseann spóirt agus cumainn sa bhaile. Tá Páirt Theicneolaíochta Chiarraí lonnaithe i dTrá Lí leis atá forbartha ag Forbairt na Sionna, chun freastal ar dhian-fhiontair teicnoelaíochta agus eolais anois agus sa todhchaí, i dTrá Lí agus i gCiarraí. Is é buiséad na bliana 2005 do Chomhairle Baile Lios Tuathail ná €17.27m.

Próifíl den Chontae

Comhairle Baile Chill Airne

Is é Cill Airne príomhcheann scríbe thurasóirí na hÉireann agus cáil na háilleachta ar. Téann gnó na turasóireachta siar chomh fada le 1750 agus tá an séasúr is faide turasóireachta aige d'aon bhaile, agus turasóirí ag baint taitnimh as na radharcanna agus suíomhanna, ó cheann ceann na bliana. Tá daonra de 13,000 i gCill Airne. Tá 68 duine fostaithe ag Comhairle Baile Chill Airne, lena chinntiú go bhfuiltear ag soláthar seirbhísí d'ard chaighdeán do chustaiméirí an bhaile agus a chuairteoirí, agus chun a chinntiú go sroichtear an fás cóir agus ceart atá tuartha don mbaile. Is é buiséad na bliana 2005 do Chomhairle Baile Lios Tuathail ná €11.6m.

Comhairle Baile Lios Tuathail

Tá Lios Tuathail suite ar Abhainn na Féile i dTuaisceart Chiarraí. Tá sé ainmnithe ina Bhaile Oidhreachta. Tá daonra de 3,589 ag an mbaile. Tá traidisiún shaibhir litríochta ag an mbaile, agus é taréis scríbhneoirí/údair iomráiteacha mar John B. Keane, Brendan Kennelly agus Bryan MacMahon a chur chun cinn. Déantar an traidisiún litríochta seo a cheiliúradh in Ionad Cultúir agus Litríochta Chiarraí agus go bliantúil ag Féile Sheachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail, atá ar bun ó 1971. Is é buiséad na bliana 2005 do Chomhairle Baile Lios Tuathail ná €3.22m.

Ár nAidhm

Tá sé mar aidhm ag Údaráis Áitiúla Chiarraí, mar bhaill tofa go daonlathach ag an gContae, caighdeán maireachtála a phobail agus a gcuid cuairteoirí a fheabhsú trí éascaíocht a dhéanamh ar dhul chun cinn eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a bheidh uileghabhálach, comhtháite agus inbhuanaithe don chomhshaol.

Bunluachanna

Is iad luachanna a mhúnlaíonn agus a threoraíonn sinn chun ár gcuid oibre a dhéanamh. Beidh tionchar acu ar dhearcadh na ndaoine a mhaireann sa Chontae, a oibríonn ann agus a thugann cuairt air i leith Údaráis Áitiúla i gCiarraí, agus ar dhearcadh na ndaoine go mbíonn teagmháil acu le Údaráis Áitiúla chomh maith.

Tugann na bunluachanna tacaíocht agus treoir don obair ar fad a dhéanann Údaráis Áitiúla Chiarraí agus iad ag cur a gcuid seirbhísí ar fáil do mhuintir Chiarraí. Ní ar dhúilmhireacht atá siad bunaithe ach ar riachtanacht.

Is mór le Comhairle Contae Chiarraí **ceannaireacht**, go speisialta ag soláthar ceannaireachta pholaitiúil do phobail áitiúla agus ag cur léirthuiscint ar luachanna saoránaigh, ilchineálacht chultúrtha agus an mhaitheas phoiblí chun cinn.

Triallaimid **cuimsiú sóisialta** a chinntiú trí dul i mbun próiséise chomhairligh chuí agus chuimsitheach leis an bpobal agus trí chothroime rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí córa a chinntiú do gach éinne. San áireamh anseo na haidhmeanna chuimsiú sóisialta a théann i ngleic le héagothromaíocht, bochtanas agus eisiamh sóisialta i gCiarraí a chomhshnaidhmeadh i straitéisí, pleananna agus polasaithe na nÚdarás Áitiúil. Is mór dúinn tuairimí an phobail agus leanfaimid le rannpháirteachas gníomhach an phobail a spreagadh agus a mhéadú i ndearadh agus i soláthar seirbhísí na comhairle agus i bhforbairt pholasaithe an Rialtais Áitiúil.

Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí dlúth-thugtha **do phróiseas na comhpháirtíochta** go hinmheánach i mbainistiú athruithe eagraíochtúla agus i seirbhísí a sholáthar. Go seachtrach, oibreoidh Údaráis Áitiúla i gcomhpháirtíocht le húdaráis eile, eagraíochtaí eile agus pobail eile chun spriocanna ina gcuid n-aidhmeanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach. Cothófar na caidrimh oibre seo, go háirithe taobh istigh de chomhthéacs ár gcuid oibre leis an mBord Forbartha Contae, na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus an Fóram Pobail Chontae agus Deónach.

Aithnímid agus glacaimid leis gur féidir **ceart agus cothromaíocht** i soláthar seirbhísí a bhaint amach tríd an bpobal a chur i gceartlár an phróisis déanta cinnidh.

Is mór linn dílseacht, tairise agus ardghníomhaíocht ónár gcuid fostaithe ar fad. Aithnímid gur féidir barrfheabhas a chur ar réimse scileanna éagsúla gach éinne trí ghlacadh le **cur chuige an chomhair** maidir le seirbhísí a sholáthar. Déanfaimid measúnú rialta ar ár modh feidhmiúcháin agus féachfaimid chuige go ndéanfar dul chun cinn leanúnach le **caighdeán seirbhíse** den scoth a sholáthar don phobal.

Is bunluachanna iad **meas, macántacht, neamhchlaontacht, ionrachas** do na fostaithe ar fad agus do bhaill tofa Údarás Áitiúil Chiarraí. Caithfidh meas a bheith ag gach éinne ar a chéile, feidhmiú ar son an mhaithis phoiblí, taobh istigh den dlí agus sa tslí sin tacú le muinín an phobail a chothú i leith ár gcuid nósanna agus ár gcuid seirbhísí.

Ní cheart luach chumarsáidí maithe a mheas ró-ghearr agus le forbairt **ar chóras éifeachtach cumarsáide** déanfar deimhin de go soláthrófar eolas ábhartha agus tráthúil d'fhostaithe, do bhaill tofa agus don phobal.

Ár dTimpeallacht oibriúcháin

Tá an-chuid rólanna mar chúram ar Údaráis Áitiúla Chiarraí ar nós ceart an Fhéinrialtais Áitiúil a nochtadh, seirbhísí áitiúla a sholáthar, a bheith mar ghníomhairí don Rialtas Lárnach agus mar Rialtóirí Áitiúla. Imríonn an timpeallacht oibriúcháin, ina n-áirítear tosca inmheánacha agus seachtracha tionchar ar chumas soláthair Údarás Áitiúil Chiarraí i ngach ceann de na réimsí seo. Go háirithe, beidh tionchar go pointí áirithe ag buan-athruithe ins na timpeallachtaí eacnamaíochta, sóisialta agus chultúrtha ina n-oibrímid ar an tslí a bhaintear amach ár gcuid aidhmeanna straitéiseacha ins an chéad cúig bliana eile atá romhainn.

Ár gContae agus Bailte: Comhthéacs Fisiciúil agus Eacnamúil

Is é Ciarraí an cúigiú contae is mó in Éirinn agus clúdaíonn sé réimse de 4701 km c. I dtéarmaí dinnseanchasúla agus fisiciúla, i measc roinnt de ghnéithe sainiúla na tuaithe áirítear a nádúr sléibhteach le 41% den achar talún breis agus 152 méadar os cionn leibhéal na farraige. Tá nádúr an chósta agus na leithinse sa Chontae, go bhfuil dhá limistéar Ghaeltachta ann, ina ngnéithe suntasacha, chomh maith, a bhfuil tionchar acu ar mhodh soláthraithe seirbhísí.

Mhéadaigh timpeall líon na ndaoine sa Chontae os cionn 5% sa tréimhse daonáirimh 1996 – 2002 agus anois seasann sé ag 132,527 duine. Tá trí phríomhbhaile sa Chontae. Is é Trá Lí an baile is mó acu le daonra de timpeall 20,375 duine agus tá sé lonnaithe ó thaobh cúrsaí traenach agus bóthair de níos faide ó Bhaile Átha Cliath ná aon bhaile Chontae nó cathair sa tír. Tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Chill Airne le daonra de 13,000 duine mar cheann scríbe turasóireachta agus is baile margaidh traidisiúnta é Lios Tuathail le traidisiún láidir cultúrtha agus liteartha agus tá daonra de 3,589 duine ann.

Léiríonn na táscairí eacnamaíochta do Chiarraí go bhfuil an cúigiú ioncam inchaite coibhneasta is ísle per capita ag 85.3% de mheán an Stáit. Leanann an turasóireacht mar mhór-rannpháirtí san eacnamaíocht áitiúil le os cionn dhá mhilliún cuairteoir ó thar lear sa bhliain agus tá táirgeadh tionsclaíoch réasúnta íseal le 144 aonad áitiúil tionsclaíochta ag fostú níos lú ná 6,000 duine.

Tá baint ag na tréithe fisiciúla agus eacnamúla seo go bhfuil cuid mhaith acu eisceachtúil, lenár riachtanais airgeadais agus le cumas na nÚdarás Áitiúla chun na seirbhísí a sholáthar.

Straitéisí Náisiúnta agus Áitiúla: Comhthéacs Straitéiseach

Caithfidh na haidhmeanna straitéiseacha sa Phlean Corporáideach seo, agus gníomhú ginearálta fheidhmeanna na nÚdaráis Áitiúla, a bheith umhal do na Straitéisí, na Polasaithe agus na Treoirlínte atá forbartha ag leibhéil Eorpacha, Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Is i gcomhthéacs na straiséisí seo a déantar forbairt ar na polasaithe áitiúla. Áirítear leo seo:

- Rialacha, Treoracha agus Cinntí an AE
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006
- An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002 – 2020
- An Straiséis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta 1997 – 2007
- Treoracha agus Treoirlínte na Roinne Rialtais
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha don Limistéar Thiar–Theas
- Meitheal Chiarraí: Ag Obair Le Chéile Dár dTodhchaí
- Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2003 – 2009
- Pleananna Forbartha Bailte
- Pleananna Áitiúla agus Straitéisí eile san áireamh Pleananna don Cheantar Áitiúil, An Plean chun Fógra Bharcelona a Chur i bhFeidhm, Plean Éireannach Gníomhaíochta, Plean Éalaíon agus Oidhreachta agus rl

Trialann an Cliarlathas Straitéiseach ina n-oibrímid anois a chinntiú go mbíonn na Straitéisí ag gach leibhéal den chliarlathas comhsheasmhach lena chéile. Caithfidh na haidhmeanna straitéiseacha den Phlean Corporáideach seo feidhmiú taobh istigh den chreatlach seo.

Acmhainní

Soláthraíonn An Plean Forbartha Náisiúnta 2000–2006 treoir straitéiseach foriomlán a chuireann acmhainní suimiúla ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun feabhas a chur ar bhonneagar an Chontae agus chun seirbhísí sóisialta riachtanacha a sholáthar. Cruthóidh bainistíocht leanúnach agus cothabháil na saoráidí breise seo, fadhb nach beag áfach sa todhchaí mar tá cumas déanta airgid bhreise sa cheantar teoranta. Leanann acmhainní airgeadais Rialtas Áitiúil Chiarraí le bheith mar chnámh spairne agus braitheann Údaráis Áitiúla Chiarraí ar an Rialtas Lárnach chun os cionn leath de na foinsí ioncaim ar fad a sholáthar.

Tá infhaighteacht líon lucht oibre cáilithe agus oilte fíor-thábhachtach chomh maith do chumas leanúnach na nÚdarás chun cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh i dtimpeallacht atá ag athrú agus ag gluaiseacht ar aghaidh go mear. Is mórfhostóirí sa Chontae iad na ceithre Údarás Áitiúla agus iad ag fostú os cionn 1,500 duine. Cruthaíonn an t-éagsúlacht seirbhísí nua a tugadh isteach i réimsí mar Chultúr, Pobal agus Fiontar agus Rialachán Reachtúil agus Feidhmiúchán sna deich mbliana atá imithe dúshláin áirithe do sholáthrú fóirne nua agus chun acmhainní a chur ar fáil don fhoireann atá ann faoi láthair.

An Comhthéacs Rialaithe

Tá dhá ghné leis an timpeallacht rialaithe ina noibraíonn Údaráis Áitiúla Chiarraí. Ar dtús, tá ról an Údaráis Áitiúil mar Rialtóir atá níos suntasaí is dócha sa bhFeidhm Phleanála agus Fhorbartha ach atá ag fás is ag teacht chun cinn go mór sa limistéar Comhshaoil. Sé an dara gné ná a mhéid is a riailítear seirbhísí na nÚdarás Áitiúil féin. San áireamh mar shampla tá an méadú suntasach ar Threoracha Timpeallachta agus Rialacháin ón AE, méid na freagrachta trí Oifig Chosantóir an Phobail, Oifig na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil do Fhorfheidhmiúchán Timpeallachta, agus an córas Iniúchadh Rialtais Áitiúil.

Sochaí an Eolais

Is téarma é Sochaí an Eolais a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar shochaí agus ar eacnamaíocht a bhaineann an úsáid is fearr as an eolas nua agus teicneolaíochtaí cumarsáide (ICT's). I Sochaí an Eolais bainfidh daoine an tairbhe is fearr as teicneolaíocht nua i ngach réimse dá saol: ag obair, sa bhaile agus ag spraoi. San áireamh mar samplaí tá seirbhísí eolais mar an idirlíon agus ríomh-phost. Tá impleachtaí ag na teicneolaíochtaí nua ar gach gné dár sochaí agus dár eacnamaíocht, tá siad ag athrú an slí a dhéanaimid ár gcuid gnó. Cinntíonn siad chomh maith caidreamh níos fearr le saoránaigh, táirgiúlacht níos mó ó thaobh chostais laghdaithe de, nósanna imeachta riaracháin níos éifeachtaí, seachadadh sheirbhísí de chaighdeán níos airde agus soláthar thorthaí pholasaithe níos fearr. Ardaíonn sé seo dúshláin tábhachtacha d'Údaráis Áitiúla Chiarraí agus iad ag soláthrú seirbhísí leictreonacha.

Ár dTimpeallacht oibriúcháin

Ár dTimpeallacht oibriúcháin

Struchtúir Nua agus Cultúr Nua Rannpháirtíochta

Tá athrú suntasach tar éis teacht ar an Údarás Áitiúil le cúig bliana anuas. Cuirtear faoi fhorbairt na struchtúr nua seo méadú a dhéanamh ar ról rialachais na nÚdarás Áitiúil. San áireamh ins na struchtúir nua seo tá An Bord Forbartha Contae, An Fóram Pobail agus Deonach, An Grúpa um Pholasaí Chorparáidigh agus Coistí um Pholasaí Straitéisigh Chomhairle Contae Chiarraí. Seasann an struchtúr rannpháirtíochta seo d'athrú bunúsach sa tslí ina ndéanaimid ár gcuid oibre mar go n-aithníonn sé ceart an phobail chun inchur a bheith acu sa mhodh ina sholáthraítear seirbhísí dóibh taobh istigh den chreatlach pholasaí a fhoirmliú. De bharr an cur chuige rannpháirtíochta a ghlacamar chugainn féin, aithnítear go bhféadfadh coimhlint teacht idir leas an duine aonair agus an phobail i gcoitinne. Glactar leis, áit a tharlaíonn a leithéid d'easaontas, go gcaithfidh leas na maitheasa poiblí an ceann is fearr a fháil.

Leanfaidh na timpeallachtaí oibriúcháin inmheánaigh agus seachtraigh ag cur crutha agus tionchair ar leithdháileadh agus ar bheartú tosaíochta na n-acmhainní agus ar na treoracha straitéiseacha a thógaimid le linn an Phlean Chorparáidigh seo.

Cuspóirí Straitéiseacha

Lenár n-aidhm agus an timpeallacht oibriúcháin leagtha amach againn, leagtar amach anseo thíos sraith de chuspóirí straitéiseacha atá sé i gceist againn a bhaint amach chun freastal ar an aidhm seo.

1. An timpeallacht nádúrtha agus an oidhreacht speisialta agus aitheantacht chultúrtha i gCiarraí a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir prionsabail na forbartha inbhuanaithe agus chothram.

2. An frámaíocht fhorbartha agus an bonneagar is cuí a chur ar fáil a dhéanfaidh éascú ar:-
   - (i) Pátrúin fáis eagraithe, inbhuanaithe agus forbartha ar fud an Chontae
   - (ii) Forbairt réigiúnda chothram
   - (iii) Athbheochan uirbeach, bhaile agus thuaithe
   - (iv) Forbairt Shóisialta agus Chultúrtha

3. Cur leis an ról ceannaireachta atá ag Údaráis Áitiúla Chiarraí agus tacaíocht a thabhairt do trí ionadaíocht shuntasach agus oscailte a chinntiú, a bheidh freagrach as riachtanais pobail agus a chuirfidh forbairt pobail chun cinn.

4. Aidhmeanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta a chur isteach le straitéisí, le pleananna agus le polasaithe Údarás Áitiúil Chiarraí.

5. A bheith dírithe ar an gcustaiméir agus luach ar airgead a chinntiú i soláthar agus seachadadh ar sheirbhísí comhtháite d'ardchaighdeán.

6. Na fostaithe ar fad a ghríosadh chun forbartha ionas go mbainfidh siad amach an cumas is fearr atá iontu, chun an méid is mó úsáide a bhaint as na hacmhainní go léir.

7. E-Rialtas a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm agus úsáid Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide a uasmhéadú chun cur le seachadadh agus inrochtaineacht ár gcuid seirbhísí.

8. Acmhainní a chur ar fáil le haghaidh traenála agus forbartha agus sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe go léir a chur chun cinn.

Cumas Inmheánach agus Acmhainní

Ins an bPlean seo tá na príomh bhunluachanna aitheanta againn a léiríonn agus a threoraíonn ár ngníomhaíochtaí. Áirítear iontu seo obair bhuíne, ardchaighdeán iompair agus eitice, agus a bheith meáite ar fheabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí. Braitheann conas a éireoidh linn, i seachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán agus in aidhmeanna straitéiseacha a chur i gcrích, ar na mbunluachanna seo a neartú.

Gealltanais ar Leith

Tá breis is 1,500 fostaí ag obair d'Údaráis Áitiúla Chiarraí. Táimid meáite, fad is a leanfaidh an Plean seo, ar na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun a chinntiú go bhfaigheann fostaithe an traenáil agus an forbairt riachtanach lenár gcuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích agus le haghaidh sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí a chinntiú. Beidh dáileadh na n-acmhainní airgeadais ar aon dul leis na cuspóirí straitéiseacha breactha síos sa Phlean seo chomh maith.

Traenáil agus Forbairt

Tá an pleanáil a déantar ar thraenáil agus forbairt agus na hacmhainní a bhaineann leo, rí-thábhachtach ó thaobh na gcuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, mar aon leis an nasc atá idir an méid sin agus an Plean seo agus na Pleananna Oibriúcháin Rannóige. Le linn Beatha an Phlean Chorparáidigh, déanfaidh Údaráis Áitiúla Chiarraí:

- **Iarracht Feabhas FÁIS a bhaint amach trí Daoine a chreidiúnú.**
  Is é seo an caighdeán náisiúnta d'Fhorbairt Acmhainní Daonna in Éirinn agus bronntar é ar eagraíochtaí a thaispeánann ardchaighdeán feabhais i dtraenáil agus i bhforbairt a chur i bhfeidhm.
- **An Córas Náisiúnta Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (PMDS) a chur i bhfeidhm.**
  Táimid meáite an PMDS Náisiúnta a chur i bhfeidhm bunaithe ar shoiléireacht rólanna agus dualgas agus ar fhorbairt a dhéanamh ar eolas, ar scileanna agus ar ábaltacht na bhfostaithe go léir. Tá sé seo de réir na riachtanais i "Comhaontú Páirtnéireachta Sóisialta ar Dhul Chun Cinn Inbhuanaithe".
- **Polasaí Údaráis Áitiúla i dtaobh "Foghlaim Oscailte" a chomhéad sa tsiúl**
  Leanfaimid ar aghaidh lenár gclár tacaíochta airgeadais d'fhostaithe atá ag déanamh a thuilleadh staidéir agus a bhfuil forbairt phearsanta agus phroifisiúnta ar bun acu, le níos mó béime ar chláir atá deartha agus dírithe i dtreo is go bhfreastalóidh siad ar riachtanais na nÚdaráis Áitiúla agus na ndaoine aonaracha araon.

Acmhainní Airgeadais

Tá sé riachtanach i gcuspóirí straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh go ndéantar dáileadh ar, agus go dtugtar tosaíocht áite d'acmhainní airgeadais. Tá roinnt mhaith acmhainní curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla Chiarraí le haghaidh córas bainistíochta airgeadais nua a chur i bhfeidhm. Cuirfidh níos mó forbartha ar an gcóras seo, chomh maith le rialúchán ar bhuiséadú déabhlóidithe, ar chumas

Cumas Inmheánach agus Acmhainní

Údaráis Áitiúla Chiarraí na costais a théann le soláthar seirbhísí aonaracha a aithint i slí níos soiléire. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar acmhainní a dháileadh ar bhonn eolais níos fearr agus de réir na tosaíochtaí aitheanta i bPleananna Bliantúla Oibriúcháin na Rannóige.

Cuirfidh Údaráis Áitiúla Chiarraí cultúr chun cinn áit a bheidh luach ar airgead lárnach i ngníomhaíochtaí laethúla gach Comhairle. Ina theannta san, beidh Údaráis Áitiúla Chiarraí níos éifeachtaí trí bhreis úsáide a bhaint as modhanna leictreonacha agus modhanna eile íocaíochta/admhála d'ár gcustaiméirí.

I dtreo is go gcinnteófar go mbeidh a dhóthain acmhainní ar fáil chun aidhmeanna straitéiseacha an Phlean seo a sheachadadh, bainfidh Údaráis Áitiúla Chiarraí an méid is mó úsáide as foinsí ioncaim atá ann faoi láthair agus luífidh siad le deiseanna nua ioncaim de réir mar a thagann siad chun solais.

Cur i bhFeidhm agus Faireachán

Sé a bheidh i dtréimhse bunaidh de chur i bhfeidhm an Phlean Corparáide ná an Plean a chur go dtí:

- Gach Ball Tofa agus gach fostaí de Chomhairle Contae Chiarraí
- Gach Ball Tofa agus gach fostaí de Chomhairlí Baile Thrá Lí, Chill Airne agus Lios Tuathaill
- Baill de Bhord Forbartha an Chontae agus dá fho-struchtúir
- An Grúpa Oibre do Bhearta ar Chuimsiú Sóisialta
- Na Fóraim Chontae, Phobail agus Dheonacha
- Baill de na Comhairlí ar Pholasaí Straitéiseach
- Na Comhairlí Contae agus Cathrach ar fad
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Foilseofar fógra ar fhoilsiúchán an Phlean ins na páipéir nuachta áitiúla agus beidh teacht ar an bPlean ar ár suíomh idirlíne (www.kerrycoco.ie).

Os rud é go mairfidh an Plean thar tréimhse cúig bliana agus go bhfuil cuspóirí d'ardleibhéil ann, is ar bhonn leanúnach a dhéanfar measúnú ar dhul chun cinn le linn an Phlean. Is iad seo a leanas na formáidí le haghaidh monatóireachta agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn:-

- Déanfar Plean Oibriúcháin Bliantúil do na hÚdaráis Áitiúla a ullmhú, ina mbeidh ar gach Roinn den Chomhairle Contae agus ar na Comhairlí Baile Móir, straitéisí tacaíochta, gníomhaíochtaí agus táscairí seirbhíse a cur i bhfeidhm chun cuspóirí straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh a bhaint amach.
- Reachtálfar Pleananna Oibriúchána Bliantúla i gcomhréir le próiséas Buiséid Bliantúil agus gníomhaíocht cheartaitheach má bhíonn gá chun a chinntiú go gcuirfear seachadadh chuspóirí an Phlean Chorparáidigh san áireamh sa phróiseas seo.
- Déanfaidh gach Roinn tomhas agus monatóireacht ar tháscairí seirbhíse agus leibhéil ghníomhaíochta atá aontaithe go náisiúnta agus go háitiúil, chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- Cuirfear Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin don bhfoireann i bhfeidhm i dteannta an Phlean Oibriúcháin Bhliantúil.
- Déanfaidh Cruinnithe Bhainisteoirí Rannóige monatóireacht ar dhul chun cinn, agus déanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaigh athbhreithniú ar bhonn leanúnach air.
- Beidh tagairt don dul chun cinn i dtaobh seachadadh chuspóirí an Phlean Chorparáidigh leagtha amach sa Tuairisc Bhliantiúil ar Dhul Chun Cinn a bheidh mar pháirt den Ráiteas Buiséid, agus sa Ráiteas Bliantúil.

Creatlach Feidhmithe agus Monatóireachta Údarás Áitiúla Chiarraí



- Ullmhaithe taobh istigh de sé mhí ó thoghachán an Chomhairle nua agus curtha os comhair an Chomhairle chun go nglacfar leis.
- Ullmhaithe ar bhonn bliantúil chun éifeacht a thabhairt do chuspóirí straitéiseacha.
- Tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn curtha os comhair na Comhairle.
- Spriocanna Rannóige/Foirne/an Duine Aonair, aontaithe ag leibhéal Rannóige le gach fostaí a léireoidh gníomhartha sa Phlean Feidhmiúcháin Bliantúil.

Aguisín I
Structúr Eagrúcháin Údaráis Áitiúla Chiarraí



Aguisín II Proiséas Comhairliúcháin

D'eisigh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirlínte go dtí Údaráis Áitiúla i mí Iúil 2004 ar ullmhúchán an phlean. Ordaíonn na Treoirlínte go gcaithfidh an Plean Corparáideach "a bheith ullmhaithe ar bhonn pháirtnéireachta agus follasachta le páirtithe leasmhara inmheánaigh agus seachtracha araon san áireamh". De réir an riachtanais seo cuireadh comhairle ar na páirtithe leasmhara seo a leanas i rith ullmhúcháin an Phlean:-

- Foireann Bainistíochta Sinsir
- Grúpa ar Pholasaí Corparáideach
- Coistí ar Pholasaí Straitéiseach
- Coiste Páirtnéireachta Údaráis Áitiúla Chiarraí
- Board Forbartha Contae
- Fóram Pobail agus Deonach
- Baill den Mheitheal Oibre um Cuimsiú Sóisialta
- Foireann Fhorfheidhmithe Limistéir (Mear – Trá Lí)
- Coiste Páirtnéireachta Spórt Áitiúil
- Foireann sinsear/Ceannairí Rannóige
- Foireann eile (Foireann Limistéir agus Comhairlí Baile)
- Curtha suas ar an suíomh idirlín (Iarradh ar an bhfoireann aighneachtaí a dhéanamh)
- Baill tofa de Chomhairlí Baile Thrá Lí, Chill Airne agus Lios Tuathail

Aguisín III
Struchtúr na Comhairle



GPC - Is coiste den Chomhairle é an GPC ar nós CPS. Tá Méara an Chontae mar bhall chomh maith leis an gcúig Cathaoirleach ar na CPS'anna. Déanann an GPS comhordú ar obair an CPS agus déanann siad monatóireacht ar a gclár oibre.
Is féidir leis inchur a sholáthar don Chomhairle ar fad ar aon ní ar bith faoi chúrsaí ginearálta a bhaineann leis an gComhairle as a stuaim féin nó mar thoradh ar iarratas ón gComhairle.
Imríonn sé ról lárnach in ullmhú an bhuiséid agus déanann sé monatóireacht ar fheidhmiú iomlán an Údaráis Áitiúil.

CPS - Is é gnó na gCoistí Polasaí Straitéise, mar choistí den Chomhairle, comhairle agus cabhair a thabhairt i gcruthú agus i bhforbairt polasaí. Tá súil ag an gcóras CPS deis a thabhairt do Comhairleoirí agus do dhaoine go bhfuil suim acu ó na hearnálacha éagsúla páirt iomlán a ghlacadh ins an bpróiseas déanta polasaithe ó thús. Fanann an Comhairle mar údarás a thógann cinntí agus cuirtear na polasaithe ó CPS i láthair na Comhairle iomlán chun go nglacfar leo.

Aguisín IV
Ballraíocht na gCoistí Polasaí Straitéise

1) CPS Iompar

Comhairleoirí

Cllr. Michael O'Shea (Cath)
Cllr. Michael Connor-Scarteen
Cllr. Pat Leahy
Cllr. Ann McEllistrim
Cllr. Ned O'Sullivan
Cllr. Johnny Wall (Ionadaí Comhairle Baile)

Ionadaíocht ó ranna seachtracha

Hilary Scanlan (Pobal/Deonach)
Tom Murphy (Ceardchumann)
Denis O'Carroll (Talamh/Feirmeoireacht)

2) SPC Comhshaoil

Comhairleoirí	Ionadaíocht ó ranna seachtracha
Cllr. Johnny P O'Connor (Cath)	Paudie Casey (Pobal/Deonach)
Cllr. Bobby O'Connell	Pat Everett (Comhshaol/Caomhnú)
Cllr. Breandan MacGearailt	Donnacha Galvin (Forbairt/Tógáil)
Cllr. Michael Gleeson	Conor Creedon (Talamh/Feirmeoireacht)
Cllr. Tom Fleming	
Cllr. Denis Stack (Ionadaí Chomhairle Baile Lios Tuathail)	

3) CPS Pleanáil agus Eacnamaíocht Forbairt

Comhairleoirí	Ionadaíocht ó ranna seachtracha
Cllr. Brendan Cronin (Cath)	CatherineMcMullen(Comhshaol/Caomhnú)
Cllr. John Brassil	Patrick J. Cronin (Ceardchumann)
Cllr. Michael Healy-Rae	Flor McCarthy (Talamh/Feirmeoireacht)
Cllr. Seamus Fitzgerald	
Cllr. Terry O'Brien	
Cllr. Ted Fitzgerald	
Cllr. Brian O'Leary (Ionadaí Chomhairle Baile Chill Airne)	

4) Housing and Social Support SPC

Comhairleoirí	Ionadaíocht ó ranna seachtracha
Cllr. Danny Healy Rae (Cath)	Karen Gearon (Pobal/Deonach)
Cllr. Tim Buckley	Eileen Mayse (Pobal/Deonach)
Cllr. Michael Cahill	Cáit O'Coileáin (Pobal/Deonach)
Cllr. Toiréasa Ferris	Martin Walsh (Forbairt/Tógáil)
Cllr. Colin Miller	
Cllr. Paul O'Donoghue	
Cllr Karen Tobin (Ionadaí Chomhairle Baile Thrá Lí)	
Cllr. Tom Walsh (Ionadaí Chomhairle Baile Lios Tuathail)	

5) CPS Pobal, Cultúr agus Turasóireacht

Comhairleoirí	Ionadaíocht ó ranna seachtracha
Cllr. Robert Beasley (Cath)	Mairead Lynch (Pobal/Deonach)
Cllr. Liam Purtill	Michelle O'Mahony (Pobal/Deonach)
Cllr. Norma Foley	Andrew McCarthy (Ceardchumann)
Cllr. Thomas Sheahan	
Cllr. Pat McCarthy	
Cllr. Niall O'Callaghan (Ionadaí Chomhairle Baile Chill Airne)	

Aguisín V
Seirbhísí Soláthraithe ag an Ceithre Údarás Áitiúil

Soláthraíonn an ceithre Údarás Áitiúil réimse fairsing seirbhísí a dhíríonn ar riachtanais an phobail agus ar shaol na ndaoine a fheabhsú. Tá liosta de na seirbhísí a sholáthraítear leagtha amach anseo thíos:-

Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht

- Seirbhísí Seandálaíochta
- Tacaíocht do na hEalaíona
- Seirbhísí Oidhreachta
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn
- Seirbhísí Leabharlainne a sholáthar

Rialú Tógála agus Seirbhísí Dóiteáin

- Seirbhís Dóiteáin agus Éigeandála a sholáthar don Chontae
- Iniúchaidh Sábháilteachta Dóiteáin chun ceadúnais a eisiúint do fhoirgnimh faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin
- Ceadúnais Peitriliaim a eisiúint d'asraonta miondíolta agus d'iostaí faoi Acht na Substaintí Dainséaracha
- Cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh chun a bheith ar aon dul leis na Rialacháin Foirgníochta

Pobal agus Fiontar

Tugann an Rannóg Pobail agus Fiontair tacaíocht don Bhord Forbartha Contae agus d'fhorbairt polasaithe agus tionscnamh le fócas ar chuimsiú sóisialta agus fiontar do Chomhairle Contae Chiarraí agus d'Údaráis Áitiúla Chiarraí eile

Seirbhísí Corparáideacha

- Seirbhísí tacaíochta a sholáthar don Chomhairle Tofa agus dá chruinnithe
- Díolúine/Clár na dToghthóirí
- Deontais Ardoideachais
- Na Nuachtáin/Cumarsáid
- Sláinte, Sábháilteacht/Árachas agus Rialú Priacail
- Cróinéirí
- Tithe Cúirte

Seirbhísí Comhshaoil

- Áiseanna Inghlacachta a sholáthar, a chothabháil agus a rith
- Áiseanna Athchursála a sholáthar, a chothabháil agus a rith
- Seirbhís Bailiúchán Bruscair a rith
- Drámhaíol a rialú agus a fheidhmiú
- Rialú ar Thruailliú
- Cúrsaí Fuinnimh
- Feasacht Chomhshaoil agus Oideachas
- Crios Cósta a bhainistiú
- Seirbhísí Tréadliachta

An Rannóg Airgeadais

- Forbairt agus cothabháil ar chórais agus ar mhodhanna rialaithe buiséid, ar eolas bainistíochta agus ar éifeachtúlacht chostais go ginearálta.
- An chuntasaíocht reachtúil agus airgeadais ar fad a rialú agus a mhaoirsiú, infheistíochtaí agus iasachtaí, bainistíocht airgeadais

fhadtéarmach agus ghearrtéarmach agus teacht isteach a chinntiú agus caiteachas iomlán a rialú.
- Córais tástála sásúla agus córais iniúchta inmheánaigh a bhunú agus a chothabháil.

Tithíocht agus Tacaíocht Sóisialta

- Tithíocht Údarás Áitiúil a sholáthar
- Iasachtaí Tithíochta, Deontais Úinéireacht Roinnte
- Cothabháil Tithíochta
- Cóiríocht don Lucht Taistil
- Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
- Láithreáin Dearóil

Rannóg na nAcmhainní Daonna

- Earcaíocht agus Roghnú
- Riarachán Pearsanra
- Caidrimh Thionsclaíochta
- Cur i bhFeidhm/Forbairt pholasaí
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Leas Foirne

Clós agus Stórtha Innealra

- Ceannach agus Cothabháil cabhlach an Chomhairle
- Ag socrú iasacht na bhfeithiclí agus an trealaimh de réir mar is gá
- Rialú Stoic

An Rannóg Mótarchánachais

- Ceadúnais fheithicle a eisiúint
- Ceadúnais Tiomána a eisiúint

An Rannóg Pleanála

- **Forbairt agus Rialú Pleanála**
- **Pleanáil ar aghaidh**
- **Pleananna a chur i bhFeidhm**

An Rannóg Ioncaim

- Muirear Uisce agus Séarachais/Bailiúchán
- Rátaí a bhailiú
- Cuntais Bruscair agus Cuntais Tarscaoilte

Bóithre agus Iompar

- Pleanáil, dearadh agus cur i bhfeidhm na n-oibreacha feabhsúcháin ar na Príomhbhóithre náisiúnta agus na bóithre náisiúnta den dara grád i gCiarraí
- Cothabháil agus feabhas a chur ar an ngréasán bóithre
- Soilsiú Poiblí
- Oibreacha ar chéanna agus ar Chuanta
- Oibreacha ar an gCósta a chosaint
- Corrthrádáil
- Scéimeanna Athbheochan Baile agus Cathrach

Seirbhísí Uisce

- Na Scéimeanna Soláthar Uisce Poiblí a fheidhmiú a chothú agus a fhorbairt
- Na Scéimeanna Fuíolluisce Poiblí a fheidhmiú a chothú agus a fhorbairt
- An Clár Uisce Tuaithe a riaradh
- Na hIonaid Adhlactha a fhorbairt, a bhainistiú agus a chothú
- Leithris Phoiblí a sholáthar, a rith agus a chothú

Notes/Notaí

Notes/Notaí

Notes/Notaí

2005-2009